

“Grá mo chroí thú” Ag cur grá in iúl



Tuiscint & forbairt foclóra
Focail agus frásaí a bhaineann le cúrsaí grá



Feasacht teanga
Fuaim ‘th’ & ‘sh’; Áit an ainmfhocail / an fhorainm san abairt



Scileanna cumarsáide
Ag cur grá (nó easpa grá) in iúl

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír fhíse, más gá, chun na bearnaí a líonadh leis an bhfocal cuí.

breathnaigh méanar ag dréim	bomaite duit aon	dúil mo shúil ionat
-----------------------------------	------------------------	---------------------------

Manus: A Shorcha, an bhfuil _____ agat?

Sorcha: Bhuel, beidh caife John Joe ag fáil fuar.

Manus: Tá bronntanas beag agam _____.

Sorcha: *Oh* Manus, ní raibh _____ ghá.

Manus: Tá a fhios agam anois nach raibh tú _____ leis seo ach tá _____ agam _____ agus ba mhaith liom dul ar *date* leat.

Sorcha: _____ Manus, em, tá brón orm ach tá _____ agam ar dhuine éicint eile.

Manus: *Oh, right*, bhuel, nach _____ dó.

2. Focail eile ar ‘grá’

a) Úsáideadh cúpla focal san fhíseán a chiallaíonn ‘grá.’ An cuimhin leat iad?

b) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is brí leis na seanfhocail seo? An aontaíonn sibh leo?

a) Folaíonn (folaiigh – <i>hide</i>) grá gráin.	
b) Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh.	

B: FEASACHT TEANGA

1. Fuaimeanna ‘sh’ agus ‘th’ i nGaeilge

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Tabharfaidh an teagascóir bileoga daoibh. Beidh cúig abairt ar do bhileog agus beidh ort na habairtí sin a léamh amach don duine in aice leat. Léifidh an duine sin cúig abairt freisin agus beidh ortsa iad a scríobh síos. Bígí cinnte go bhfuaimneoidh sibh an ‘sh’ agus an ‘th’ mar is ceart.

2. Áit an ainmfhocail / an fhorainm san abairt

Dúirt Mack bocht san fhíseán, *if you'll forgive me for it* - má mhaitheann tú dom é. Tabhair faoi deara an dóigh a bhfuil an forainm ‘é’ ag deireadh na habairte ansin. Nuair a thógann an forainm áit an ainmfhocail in abairt Ghaeilge, is minic a bhíonn sé níos faide i dtreo dheireadh na habairte. Féach, mar shampla, ar an abairt shamplach thíos. ‘Má mhaitheann tú dom é,’ a dúirt Mack. Tá an forainm ‘é’ i ndeireadh na habairte ar fad. Ach má chuirimid an t-ainmfhocal ‘peaca’ ina áit, feicimid go bhfuil athrú ar ionad na bhfocal. Féach:

Má mhaitheann tú an peaca dom. **vs** Má mhaitheann tú dom é.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna thíos le chéile:

3. Athscríobh na habairtí (an t-ainmfhocal in ionad an fhorainm)

Déanaigí athscríobh ar na habairtí seo arís agus cuirigí an t-ainmfhocal in ionad an fhorainm. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

a) Cuireadh amach as an rang í. (í = Síle)	Cuireadh Síle amach as an rang.
b) Tabhair do Mháire é. (é = an peann).	
c) Tugadh ar thuras scoile iad. (iad = na páistí)	

4. Athscríobh na habairtí (an forainm in ionad an ainmfhocail)

Déanaigí athscríobh ar na habairtí thíos anois ach, an t-am seo, bainigí amach an t-ainmfhocal i ngach abairt agus cuirigí an forainm cuí ina áit.

a) Caith an bruscar amach.	Caith amach é.
b) Scríobhfaidh mé an ríomhphost ar ball.	
c) Tugadh an litir do Thadhg.	

5. Aistrigh na habairtí

Aistrígí na habairtí thíos anois go Gaeilge:

a) I'll see the manager tomorrow.	
b) I'll see her tomorrow.	
c) Don't make that mistake again.	
d) Don't do it again.	

C: CUMARSÁID

1. Frásaí chun grá a chur in iúl

An cuimhin leat na bealaí ar fad a bhí ag muintir Ros na Rún san fhíseán chun grá agus cion a chur in iúl? Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus déanaigí liosta de na frásaí a d'fhoghlaim sibh san fhíseán.

Tá mé i ngrá leat.	

2. Frásaí coitianta eile a bhaineann le cúrsaí grá

Bí ag obair leis na daoine eile sa ghrúpa. Cén Ghaeilge a bheadh agaibh ar na frásaí seo a leanas? Téigí go dtí www.foclóir.ie chun inspioráid a fháil.

<i>I've my sights / eye on someone else.</i>	
<i>It's not me, it's you.</i>	
<i>I'm not looking for a relationship right now.</i>	
<i>I'd love to hang out, as friends.</i>	
<i>I'm not sure we're compatible.</i>	
<i>She friendzoned him.</i>	
<i>She ghosted me.</i>	
<i>They're going out.</i>	
<i>We broke up.</i>	
<i>Girlfriend / boyfriend</i>	

3. Rólghníomhaíocht – an grá gan chúiteamh, an grá éagmaise

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoin rólghníomhaíocht seo le chéile.

Duine A: Tá tú dúnta i ngrá le cara leat agus tá lá na cinniúna tagtha anois. Tá sé in am agat do rún a insint do ghrá do chroí!

Duine B: Tá do chara i ngrá leat – ach grá éagmaise atá ann! Anuas air sin, níl tú singil...

4. Ó Script go Stáitse

- a) Cén comhrá atá ag dul ar aghaidh idir an bheirt sa ghrianghraf? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cumaigí an comhrá sin anois. Scríobhaigí amach é!



(Grianghraf ó [Yolanda Suen](#) ar [Unsplash](#))

- b) Cuirigí an comhrá i láthair an ranga.

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

- Manus: A Shorcha, an bhfuil **bomaite** agat?
 Sorcha: Bhuel, beidh caife John Joe ag fáil fuar.
 Manus: Tá bronntanas beag agam **duit**.
 Sorcha: Oh Manus, ní raibh aon **ghá**.
 Manus: Tá a fhios agam anois nach raibh tú **ag dréim** leis seo ach tá **dúil** agam **ionat** agus ba mhaith liom dul ar *date* leat.
 Sorcha: **Breathnaigh** Manus, em, tá brón orm ach tá **mo shúil** agam ar dhuine éicint eile.
 Manus: Oh, *right*, bhuel, nach **méanar** dó.

2. Focail eile ar ‘grá’

- a) ‘Cion’ agus ‘gean’.
 b) Folaíonn (folaigh – *hide*) grá gráin. *Love is blind.*
 c) Níl aon leigheas ar an ngrá ach pósadh. *The only cure for love is marriage.*

B: FEASACHT TEANGA

1. Fuaimanna ‘sh’ agus ‘th’ i nGaeilge

Déan cóipeanna den bhileog i ndeireadh na nótaí seo roimh an rang. Tabhair bileog amháin do gach beirt, agus í gearrtha ina dhá leath. Cleachtadh éasca é seo ach tá tábhacht leis mar sin féin. Caithfidh duine A a c(h)uid abairtí a léamh amach do dhuine B, ag cur béim ar an bhfoghraíocht cheart. Caithfidh duine B na habairtí sin a scríobh síos. Léifidh duine B a c(h)uid abairtí amach do dhuine A ansin agus caithfidh duine A na habairtí a chloiseann siad a scríobh síos. Téigh siar ar na habairtí ar fad ansin leis an rang iomlán agus bí cinnte go bhfuil siad in ann an ‘sh’ agus an ‘th’ a fhuaimniú mar is ceart.

2. Áit an ainmfhocail / an fhorainm san abairt

Léigh tríd an míniú leis an rang iomlán.

3. Déanaigí athscríobh ar na habairtí (an t-ainmfhocal in ionad an fhorainm)

- a) Cuireadh amach as an rang í. (í = Síle) Cuireadh **Síle** amach as an rang.
 b) Tabhair do Mháire é. (é = an peann). Tabhair **an peann** do Mháire.
 c) Tugadh ar thuras scoile iad. (iad = na páistí) Tugadh **na páistí** ar thuras scoile.

4. Déanaigí athscríobh ar na habairtí (an forainm in ionad an ainmfhocail)

- | | |
|--|----------------------------|
| a) Caith <u>an bruscar</u> amach. | Caith amach é. |
| b) Scríobhfaidh mé <u>an ríomhphost</u> ar ball. | Scríobhfaidh mé ar ball é. |
| c) Tugadh <u>an litir</u> do Thadhg. | Tugadh do Thadhg í. |

5. Aistrígí na habairtí

- | | |
|-----------------------------------|-------------------------------------|
| a) I'll see the manager tomorrow. | Feicfidh mé an bainisteoir amárach. |
| b) I'll see her tomorrow. | Feicfidh mé amárach í. |
| c) Don't make that mistake again. | Ná déan an botún sin arís. |
| d) Don't do it again. | Ná déan arís é. |

C: CUMARSÁID**1. Frásaí chun grá a chur in iúl**

Tá mé i ngrá leat.
Grá mo chroí thú.
Is tú grá mo chroí.
Tá mo chroí istigh ionat.
Tá dúil agam ionat.

2. Frásaí coitianta eile a bhaineann le cúrsaí grá

I've my sights / eye on someone else.
It's not me, it's you.
I'm not looking for a relationship right now.

I'd love to hang out, as friends.

I'm not sure we're compatible.

She friendzoned him.
She ghosted me.
They're going out.

We broke up.

Girlfriend / boyfriend

Tá mo shúil agam ar dhuine eile.
Ní ortsa atá an locht ach ormsa.
Níl caidreamh uaim faoi láthair.
B'fhéarr liom a bheith singil.
Ba bhreá liom a bheith ag crochadh thart leat, mar chara.
Ní dóigh liom go bhfuilimid oiriúnach dá chéile.
Ní bheidh iontu choíche ach cairde.
Ghóstail sí mé.
Tá siad ag siúl amach le chéile.
Tá siad i gcaidreamh.
Scar muid lena chéile.
Thit an caidreamh as a chéile.
Mo bhuachaill/mo chailín/mo stócach/
mo pháirtí

3. Rólghníomhaíocht – an grá gan chúiteamh, an grá éagmaise

Roinn an rang i mbeirteanna arís agus iarr ar na foghlaimeoirí an rólghníomhaíocht a dhéanamh le chéile. Bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla na comhráite a dhéanamh os comhair an ranga.

4. Ó Script go Stáitse

Is cleachtadh scaoilte go leor é seo agus ba cheart go mbainfeadh na foghlaimeoirí sult as. Abair leo ligean dá samhlaíocht agus iad ag cumadh an chomhrá. Ba cheart dóibh úsáid a bhaint as cuid de na frásaí a pléadh, ar ndóigh. Iarr ar gach beirt an comhrá a scríobh siad a léamh amach os comhair an ranga.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 6. Grá mo chroí thú – Ag cur grá in iúl.

Mar a dúirt Elvis fadó, is amadáin amháin a thiteann i ngrá, ach ní bhíonn neart againn air, agus níl muintir Ros na Rún slán ó ghalair an ghrá ach an oiread. *Only fools fall in love for sure and the characters of Ros na Rún are no strangers to the heartbreak hotel.* Sa cheacht seo, feicfidh muid Manus s'againne ag iarraidh Sorcha amach *ar date*. Déanann sé jab breá de anseo, cé go dteipeann ar an chréatúirín bocht ag an deireadh.

An mhír fise ó Ros na Rún

Manus: A Shorcha, an bhfuil bomaite agat?

Sorcha: Bhuel, beidh caife John Joe ag fáil fuar.

Manus: Tá bronntanas beag agam duit.

Sorcha: Oh Manus, ní raibh aon ghá.

Manus: Tá a fhios agam anois nach raibh tú ag dréim leis seo ach tá dúil agam ionat agus ba mhaith liom dul ar *date* leat.

Sorcha: Breathnaigh Manus, em, tá brón orm ach tá mo shúil agam ar dhuine éicint eile.

Manus: *Oh, right*, bhuel, nach méanar dó.

Ar thuig tú?

- Bomaite, sin focal Ultach ar 'nóiméad'. *Do you have a minute?* Ní thuigeann Sorcha bhocht céard atá ag teacht ...
- Ní raibh aon ghá, *there was no need*. Tá cuma mhíchompordach ar Shorcha.
- Ag dréim le rud, ag súil le rud – *expecting*.
- Tá dúil agam ionat, tá spéis agam ionat, is maith liom thú.
- Ah Manus bocht! Tá súil ag Sorcha ar dhuine eile – *she has her eye on someone else*.
- Nach méanar dó – *lucky him*, a deir Manus, agus é ag glacadh leis an méid a deir Sorcha faoin fhear eile. *He accepts the rejection very gracefully*.

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar na bealaí éagsúla ar féidir grá agus cion a chur in iúl. 'Tá dúil agam ionat,' a dúirt Manus le Sorcha, ach ar ndóigh, is iomaí bealach eile atá ann leis an rud céanna a rá. Breathnóidh muid anois ar an tslí a gcuireann na *Casanovas* ar fad i Ros na Rún a ngrá in iúl. Nó a mhalairt uaireanta!

An mhír fise ó Ros na Rún

Mícheál: Tá go maith, a stór. Gabh i leith, grá mo chroí thú.

Laoise: Grá mo chroí thusa freisin.

- Mack: Sonia, tá mé i ngrá leat. Níl uaim ach mo shaol a chaitheamh in éindí leat. Déanfaidh mé rud ar bith má mhaitheann tú dom é. Níl uaim ach seans amháin eile.... Is tú grá mo chroí.
- Sonia: Níl grá ar bith agamsa duitse níos mó. Anois gread leat agus fan amach uaim.
- Colm: Sonia, a thaisce, tá mo chroí istigh ionat.
- Sonia: An rud a rinne Mack orm, bhí sé sin suarach, náireach. Ach an rud a rinne tusa orm, bhí sé sin míle uair níos measa. Agus sin, sin a bhris mo chroí.

‘Grá mo chroí thú,’ a dúirt Laoise agus Mícheál le chéile. *I love you. I love you too.*
‘Tá mé i ngrá leat,’ ‘is tú grá mo chroí’ a bhí ag Mack chun *I love you* a rá amach díreach.

Dúirt Colm le Sonia, ‘tá mo chroí istigh ionat’. *I love you. Literally my heart is in you.*

Nach méanar do Sonia agus beirt fhear i ngrá léi. *Isn't she lucky!*

Is minic freisin a úsáideann muid téarmaí ceana, *terms of endearment*, agus muid ag caint le daoine a bhfuil cion nó gearn againn orthu.

a stór, a thaisce, a chroí

Féach anois ar an mhír seo ina gcuireann Malacháí ceiliúr pósta ar Sadie. *He proposes to her.*

An mhír físe ó Ros na Rún

- Malacháí: Ní plámás ar bith é ach grá, atá go láidir faoi bhláth.
- Ronán: Gearr le déagóir thú.
- Malacháí: Bhuel, airím cosúil le fear óg arís, ceart go leor. A bhuíochas sin don bhean álainn seo. Is tú grá mo chroí.
- Sadie: Níl aon chaill ort féin.
- Malacháí: Is maith liom é sin a chloisteáil, mar, Sadie, ba bhreá liom dá bpósfá mé...

Spotsolas ar an gcumarsáid

Anois, ní maith leis na hÉireannaigh daoine a mholadh mórán agus níl muid rómhaith ag glacadh le moladh ach an oiread. An cuimhin leat cad a dúirt Sadie nuair a chuir Malacháí ceiliúr pósta uirthi, *when he proposed?* ‘Bá bhreá liom dá bpósfá mé,’ a dúirt sé, agus ‘is tú grá mo chroí’. Agus cad é an freagra a thug Sadie air? ‘Níl aon chaill ort féin.’ *Ara, you're not too bad yourself.*

Seo na frásaí sin arís chun grá a léiriú:

- | | |
|------------------------------|---------------------------|
| I love you. | Grá mo chroí thú. |
| | Tá mé i ngrá leat. |
| | Is tú grá mo chroí. |
| | Tá mo chroí istigh ionat. |
| I like you. | Tá dúil agam ionat. |
| You're not too bad yourself. | Níl aon chaill ort féin. |

Tarlaíonn sé uaireanta go dtiteann daoine i ngrá le daoine nach bhfuil i ngrá leosan. An grá gan chúiteamh. *Unrequited love*. Caithfear duine a dhiúltú ar bhealach cáiréiseach, mar a rinne Sorcha. 'Tá mo shúil agam ar dhuine éicint eile,' a dúirt sí. *I have my eye on someone else*. An rud atá i gceist aici ná, níl dúil agam ionat. *I'm not interested*.

Ar an drochuair áfach, is minic a bhíonn crá croí ag baint le cúrsaí grá, mar a chonaic muid i gcás Sonia agus Choilm. 'Sin a bhris mo chroí,' a dúirt sí. *That's what broke my heart*. Tá súil agam nach bhfuil tusa croibhriste faoi láthair ná ag fulaingt le galar an ghrá, ar nós Sonia bhocht.

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara na fuaimeanna a bhaineann leis an 'th' agus leis an 'sh' sna focail 'thú' agus 'shúil'?

Grá mo chroí thú

Tá mo shúil ar dhuine éigin eile.

Nuair a chuirtear séimhiú ar 't' nó ar 's' sa Ghaeilge, bíonn fuaim ar nós 'h' sa Bhéarla ag baint leis. Le tuilleadh a fhoghlaim faoi chúrsaí foghraíochta sa Ghaeilge, téigh go dtí ceacht 3 & 5 den tsraith seo.

Suigh siar anois agus féach ar na míreanna grá sin arís. Agus más mian leat dul siar ar ábhar an cheachta seo agus tuilleadh cleachtaí a dhéanamh ar theanga an ghrá sa Ghaeilge, caith do shúil ar na bileoga ar snas.ie.



Bileog amháin (gearrtha) do gach beirt.**Duine A:**

1. A Shéamais, an dtabharfaidh tú d'uimhir theileafóin dom le do thoil?
2. D'éirigh leo an dúshlán a shárú.
3. Bíonn sé de shíor ar na meáin shóisialta.
4. Tá a theach ar shráid Thomáis.
5. Bhí an carr trí thine ar thaobh an bhóthair.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____



.....

Duine B:

1. Seo mo sheanmháthair.
2. Cuir ort do sheaicéad. Níl sé róthe anseo.
3. Níl máthair Shorcha róshásta.
4. Nár thuig tú mo théacs?
5. Shuigh sé ar thairne trí thimpiste.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____